Cáinaisnéis 2019

Na príomhathruithe leasa shóisialaigh agus na rátaí íocaíochtaí

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs and Social Protection

€20.5 billiún le caitheamh ar an leas sóisialach sa bhliain 2019
Lena n-áirítear €361.6 milliún de Bhearta Breise na Cáinaisnéise

Méadú €5 ar ráta uasta na n-íocaíochtaí seachtainiúla go léir mar shampla pinsinéirí, tuismitheoirí aonair, cuardaitheoirí poist, cúramóirí, daoine faoi mhíchumas, baintreacha - 1.47 milliún tairbhí

Méaduithe comhréireacha do dhaoine ar íocaíochtaí ar ráta laghdaithe agus do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad

Méadú €5.20 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir

Méadú €2.20 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá suas le 12 bhliain d'aois, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir

Méadú €25 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil do gach leanbh cáilitheach

Neamhaird tuillimh do Thuismitheoirí Aonair i bhFostaíocht méadaithe de €20 go €150 sa tseachtain

Tairbheoidh daoine a fhaigheann Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht de nua-neamhaird chothabhála

Nuachlár Píolótach na mBéilí Teo Scoile do scoileanna DEIS le tosú sa bhliain 2019

Liúntas um Chaiteachais Laethúla (ar a dtugtaí Liúntas um Sholáthar Díreach tráth) le méadú go €38.80 do dhaoine fásta agus go €29.80 sa tseachtain do leanaí

Seachtain bhreise amháin de Liúntas Breosla (go 28 seachtaine) sa bhliain 2019 – 373,800 líon tí le tairbhiú den tseachtain bhreise

Nua-íocaíocht Árachais Shóisialaigh um Shochar do Thuismitheoirí le híoc ar feadh 2 sheachtain i dtaca le gach tuismitheoir – le tosú i Mí na Samhna 2019

Daoine féinfhostaithe le bheith intofa do Shochar Cuardaitheora Poist ó Ráithe 4, 2019

Méadú €2 mhilliún do chistiú ábhar i dtaca leis an Scéim Fostaíochta Pobail

Méadaíonn an Pá Íosta Náisiúnta go €9.80 san uair ón 1 Eanáir 2019

Íocfar Bónas na Nollag 100% i dtosach Mhí na Nollag 2018 le 1.2 milliún faighteoir

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan seiceáil ar **www.welfare.ie** agus **www.citizensinformation.ie**. Cuir glao ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar 071 919 3302 ó 9 r.n. go 5 i.n., ó Luan go hAoine. Cuir glao ar an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, 9 r.n. - 8 i.n., ó Luan go hAoine. Déan teagmháil le do Lárionad Intreo, d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Is mar threoir amháin atá an Bhileog Fíricí seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dleathach a sholáthar inti.

Bónas na Nollag le híoc le 1.2 milliún duine i mbliana

€264.3 milliún le híoc le faighteoirí fadtréimhseacha leasa i Mí na Nollag 2018

Íocfar **Bónas na Nollag 100%** i Mí na Nollag 2018 le daoine a fhaigheann íocaíocht fhadtréimhseach Leasa Shóisialaigh (íocaíocht íosta €20).

Is iad na daoine a gheobhaidh an Bónas ná na daoine a fhaigheann na híocaíochtaí seo a leanas:

- Pinsean Stáit agus Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
- Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Sochar Cumais Pháirtigh, Sochar Míthreorach, Liúntas Cúraim Bhaile agus Íocaíochtaí Caomhnóra.
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist, Sochar agus Liúntas do Bhanchéile Tréigthe agus Cúnamh Feirme.
- Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Fostaíocht Phobail, Scéim Shóisialta na Tuaithe, TÚS agus Tionscnamh Post.
- Liúntas Fadtréimhseach Cuardaitheora Poist, Liúntas Forlíontach Leasa, Liúntas um Chaiteachais Laethúla (ar a dtugtaí Liúntas um Sholáthar Díreach tráth).

Feabhsuithe ar Íocaíochtaí Seachtainiúla – ón tseachtain dar tús an 25 Márta 2019

- Méadú €5 ar na híocaíochtaí seachtainiúla go léir lena n-áirítear gach Pinsean, Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch, Sochar Breoiteachta, Pinsean na nDall, Sochar Cúramóra, Liúntas Cúramóra, Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist agus Cúnamh Feirme, maille le méaduithe comhréireacha do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí ar ráta laghdaithe. Áirítear leis seo méaduithe ar chláir fostaíochta mar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, Fostaíocht Phobail (FP/CE), TÚS agus Scéim Shóisialta na Tuaithe.
- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad.
- Méadú €5.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadú €2.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá suas le 12 bhliain d'aois, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Gheobhaidh Cuardaitheoirí Poist atá faoi bhun 26 bliana d'aois ar íocaíocht ar ráta laghdaithe méadú €5 in aghaidh na seachtaine – 13,000 le tairbhiú den mhéadú.
- Méadóidh an Liúntas um Chaiteachais Laethúla (ar a dtugtaí Liúntas um Sholáthar Díreach tráth) de €17.20 go €38.80 sa tseachtain do dhaoine fásta agus de €8.20 go €29.80 sa tseachtain do gach leanbh – 5,200 duine fásta agus leanbh le tairbhiú den mhéadú.

Teaghlaigh agus Leanaí

- Méadú €5 i ngach íocaíocht sheachtainiúil aoise oibre, lena n-áirítear Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist agus Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch.
- Méadú €5.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadú €2.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá suas le 12 bhliain d'aois sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Neamhaird tuillimh do thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht a fhaigheann Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist le méadú de €20 go €150 sa tseachtain – 13,200 teaghlach le tairbhiú den mhéadú.
- Daoine a fhaigheann Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht le tairbhiú de nua-neamhaird chothabhála €95 sa tseachtain i leith na gcostas tithíochta, agus measúnófar an fuílleach ar 50% - meastar go dtairbheoidh 5,500 teaghlach de seo.
- Nua-íocaíocht Árachais Shóisialaigh um Shochar do Thuismitheoirí le híoc ar feadh dhá sheachtain i dtaca le gach

tuismitheoir – le tosú i Mí na Samhna 2019.

- Daoine féinfhostaithe le bheith intofa do Shochar Cuardaitheora Poist – le tabhairt isteach i Ráithe 4, 2019. Seo síneadh breise ar na sochair leasa shóisialaigh do dhaoine féinfhostaithe ar bhonn a ranníocaíochtaí Aicme S den ÁSPC.
- Nuachlár Píolótach na mBéilí Teo Scoile do scoileanna DEIS le tosú sa bhliain 2019 – 7,200 leanbh le tairbhiú den chlár.
- Méadú €25 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil do gach leanbh cáilitheach, rud a mhéadaíonn an ráta go €150 do leanaí atá 4-11 de bhlianta d'aois, agus €275 do leanaí atá 12 bhliain d'aois agus níos sine – tairbheoidh thart ar 145,000 teaghlach agus 265,000 leanbh den mhéadú.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 28 seachtaine sa bhliain 2019, sínte ó 27 seachtaine – beidh feidhm ag an tseachtain bhreise maidir le séasúr reatha an Liúntais Bhreosla – tairbheoidh thart ar 373,800 líon tí de seo.
- Méadóidh an Liúntas um Chaiteachais Laethúla (ar a dtugtaí Liúntas um Sholáthar Díreach tráth) de €17.20 go €38.80 sa tseachtain do dhaoine fásta agus de €8.20 go €29.80 sa tseachtain do gach leanbh, ón tseachtain dar tús an 25 Márta 2019 – 5,200 duine fásta agus leanbh le tairbhiú den mhéadú.

Tacaí Fostaíochta

- Méadóidh an Pá Íosta Náisiúnta ó €9.55 san uair go €9.80 san uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 – tairbheoidh 151,800 fostaí (is é sin 8.9% de na fostaithe go léir) atá ar an bpá íosta faoi láthair.
- Daoine féinfhostaithe le bheith intofa do Shochar Cuardaitheora Poist – le tabhairt isteach i Ráithe 4, 2019. Seo síneadh breise ar na sochair leasa shóisialaigh do dhaoine féinfhostaithe ar bhonn a ranníocaíochtaí Aicme S den ÁSPC.
- Nua-íocaíocht Árachais Shóisialaigh um Shochar do Thuismitheoirí le híoc ar feadh dhá sheachtain i dtaca le gach tuismitheoir – le tosú i Mí na Samhna 2019.
- Daoine a fhaigheann Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht le tairbhiú de nua-neamhaird chothabhála €95 sa tseachtain i leith na gcostas tithíochta, agus measúnófar an fuílleach ar 50% - meastar go dtairbheoidh 5,500 teaghlach de seo.
- Neamhaird tuillimh do thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht a fhaigheann Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist le méadú de €20 go €150 sa tseachtain – 13,200 teaghlach le tairbhiú den mhéadú.
- Gheobhaidh daoine a bhfuil an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair á fáil acu méadú €5.20 do leanaí cleithiúnacha atá 12 bhliain d'aois agus níos sine agus méadú €2.20 do leanaí cleithiúnacha atá faoi bhun 12 bhliain d'aois. Tairbheoidh breis agus 7,000 teaghlach de seo.
- Méadú €5 ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair agus ar chláir fostaíochta mar Fhostaíocht Phobail (FP/CE), TÚS agus Scéim Shóisialta na Tuaithe – tairbheoidh beagnach 40,000 duine den mhéadú seo.
- Méadóidh an tairseach i dtaca le ráta an Fhostóra den ÁSPC ó €376 go €386, ón 1 Eanáir 2019, rud a chinnteoidh nach mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar chostais bhreise ÁSPC mar gheall ar an méadú ar an bpá íosta.
- Cistiú breise ábhar €2 mhilliún i gcomhair na Scéime Fostaíochta Pobail ar fud na tíre le cur ar fáil sa bhliain 2019. Tacaíonn an scéim le comhlachtaí deonacha agus comhlachtaí pobail ó thaobh seirbhísí áitiúla a sholáthar dá bpobail.

Tacú le Cúramóirí agus Daoine faoi Mhíchumas

- Méadú €5 ar an ráta seachtainiúil uasta den Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Sochar Breoiteachta, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais agus Pinsean Easláine.
- Méadú €5.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadú €2.20 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í atá suas le 12 bhliain d'aois, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Liúntas Cúraim Bhaile le híoc ar feadh 3 mhí sa bhreis, más rud é go bhfaigheann an leanbh faoi chúram bás.
- €300,000 le cur ar fáil chun taighde a choimisiúnú sa bhliain 2019 faoi na costais bhreise a bhaineann le maireachtáil faoi mhíchumas.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 28 seachtaine sa bhliain 2019, sínte ó 27 seachtaine – beidh feidhm ag an tseachtain bhreise maidir le séasúr reatha an Liúntais Bhreosla – tairbheoidh 373,800 líon tí de seo.
- Leanfar den Deontas Tacaíochta Cúramóra €1,700 sa bhliain a íoc sa bhliain 2019, rud a rachaidh chun tairbhe do bhreis agus 118,000 cúramóir.

Feabhsuithe do Phinsinéirí

- Méadú €5 ar íocaíochtaí uasta na bpinsean seachtainiúil go léir lena n-áirítear Pinsean Stáit (Ranníocach) agus Pinsean Stáit Neamh-Ranníocach), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh agus Pinsean Míthreorach, maille le méaduithe comhréireacha do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí ar ráta laghdaithe.
- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 28 seachtaine sa bhliain 2019, sínte ó 27 seachtaine – beidh feidhm ag an tseachtain bhreise maidir le séasúr reatha an Liúntais Bhreosla – tairbheoidh 373,800 líon tí de seo.
- Tá €5 mhilliún sa bhreis á infheistiú i Scéim an tSaorthaistil sa bhliain 2019, rud a mhéadóidh an cistiú go €95 mhilliún.
- Tá €5 mhilliún sa bhreis á chur ar fáil i leith na Scéime um Cheadúnas Teilifíse sa bhliain 2019, rud a mhéadóidh an cistiú go €60.2 milliún.

Ráta seachtainiúil uasta (Dar tús Márta 2019)	Ráta Pearsanta		Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe		Méadú do Leanbh Cáilithe		
Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh	**2018**	**2019**	**2018**	**2019**	**2018**	**2019 – Faoi bhun 12 Bhliain d'Aois**	**2019 – 12 Bhliain d'Aois & níos sine**
Pinsean Stáit (Ranníocach)	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
- Ráta Pearsanta - Faoi bhun 80 Bliain d'Aois	243.30	248.30			31.80	34.00	37.00
- Ráta Pearsanta - 80 Bliain d'Aois agus níos sine	253.30	258.30			31.80	34.00	37.00
- Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois			162.10	165.40			
- Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - 66 Bliana d'Aois & níos sine			218.00	222.50			
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)/Sochar do Bhanchéile Tréigthe							
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	203.50	208.50			31.80	34.00	37.00
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	243.30	248.30			31.80	34.00	37.00
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	253.30	258.30			31.80	34.00	37.00
Pinsean Easláine	203.50	208.50	145.30	148.90	31.80	34.00	37.00
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	215.00	220.00			31.80	34.00	37.00
Sochar Míthreorach	229.00	234.00			31.80	34.00	37.00
Sochar Cuardaitheora Poist/Breoiteachta/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	198.00	203.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00
Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch/do Thuismitheoirí	240.00	245.00					
Sochar Báis							
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	228.50	233.50			31.80	34.00	37.00
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	247.70	252.70			31.80	34.00	37.00
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	257.70	262.70			31.80	34.00	37.00

Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh tráth)		
Líon an Teaghlaigh	**Teorainn Ioncaim 2018**	**Teorainn Ioncaim 2019**
1 leanbh	€521	€521
2 leanbh	€622	€622
3 leanbh	€723	€723
4 leanbh	€834	€834
5 leanbh	€960	€960
6 leanbh	€1,076	€1,076
7 leanbh	€1,212	€1,212
8 leanbh nó níos mó	€1,308	€1,308
Leanfar de leibhéal na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht a bhunú ar 60% den easnamh idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus tairseach sheachtainiúil infheidhmithe an teaghlaigh.		

Sochar Linbh		
	Ráta 2018	**Ráta 2019**
Ráta Míosúil	€140 **in aghaidh an linbh**	€140 **in aghaidh an linbh**
Cúplaí – Íoctar Sochar Linbh ar oiread go leith (150%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh. **Gach ilbhreith eile** – Íoctar Sochar Linbh ar a dhá oiread (200%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh.		

Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh	Ráta Pearsanta		Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe		Méadú do Leanbh Cáilithe		
	2018	**2019**	**2018**	**2019**	**2018**	**2019 – Faoi bhun 12 Bhliain d'Aois**	**2019 – 12 Bhliain d'Aois & níos sine**
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**	€	€
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	232.00	237.00			31.80	34.00	37.00
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	242.00	247.00			31.80	34.00	37.00
- Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois			153.30	156.60			
Liúntas Cúramóra							
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	214.00	219.00			31.80	34.00	37.00
- 66 Bliana d'Aois agus níos sine	252.00	257.00			31.80	34.00	37.00
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall	198.00	203.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	198.00	203.00			31.80	34.00	37.00
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	198.00	203.00			31.80	34.00	37.00
Liúntas Réamhscoir/ do Bhanchéile Tréigthe	198.00	203.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00
Liúntas Cuardaitheora Poist - 26 Bliana d'Aois nó níos sine	198.00	203.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00
- 25 Bliana d'Aois	152.80	157.80	131.40	134.70			
- 18 -24 de Bhlianta d'Aois	107.70	112.70	107.70	112.70			
Liúntas Forlíontach Leasa - 26 Bliana d'Aois nó níos sine	196.00	201.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00
- 25 Bliana d'Aois	152.80	157.80	131.40	134.70			
- 18 -24 de Bhlianta d'Aois	107.70	112.70	107.70	112.70			
Cúnamh Feirme	198.00	203.00	131.40	134.70	31.80	34.00	37.00

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile		
	2018 gach seachtain	**2019 gach seachtain**
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	€181.00	€186.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	€181.00	€186.00
Liúntas Breosla (Séasúr Breosla sa bhliain 2019 = 28 seachtaine)	€22.50	€22.50

	2018 gach mí	**2019 gach mí**
Liúntas Cúraim Bhaile	€309.50	€309.50
	2018 sa bhliain	**2019 sa bhliain**
Deontas Tacaíochta Cúramóra	€1,700.00	€1,700.00
	2018 sa bhliain	**2019 sa bhliain**
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil – gach leanbh cáilithe atá 4-11 de bhlianta d'aois	€125.00	€150.00
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil – gach leanbh	€250.00	€275.00

	2018 - íocaíocht aonuaire	**2019 - íocaíocht aonuaire**
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000	€6,000